Curaclam Thuaisceart Éireann

Eochairchéim 2 **Blianta 6 & 7**

Sa Nuacht



fócas

Amharcann Sa Nuacht ar an tionchar atá ag na meáin ar ár saol sa lá atá inniu ann. Tugtar deiseanna do na páistí domhan na teicneolaíochta atá ag athrú go gasta a phlé.

Na hEalaíona

- fógraí
- sceitsí
- ag cur scéil ar chlár
- scríptscríbhneoireacht
- fearas a dhéanamh
- ag déanamh ceoil ón am a chuaigh thart
- ag cruthú, ag seinm agus ag taifeadadh ceoil

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- clár fógraí 'Sa Nuacht'
- ailt nuachtáin
- nuacht sna meáin
- nuachtán scoile
- nuacht ar scoil

An Domhan Thart Orainn

- áit
- ag athrú thar am

Corpoideachas

- tionchar na meán
- réaltaí spóirt
- ag glacadh páirte in imeacht spóirt
- ag bogadh don cheol



Clár

Istigh sa leabhrán SFN 'Sa Nuacht' tá:

Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do:

- Na hEalaíona 3
- Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint 7
- An Domhan Thart Orainn 11
- Corpoideachas 15

Cur le Forbairt Scileanna:

- Cumarsáid 19
- Úsáid na Matamaitice 19
- Úsáid TFC 19
- Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta 20

Áiseanna Molta 21



fócas

Amharcann Sa Nuacht ar an tionchar atá ag na meáin ar ár saol sa lá atá inniu ann. Tugtar deiseanna do na páistí domhan na teicneolaíochta atá ag athrú go mear a phlé.

Na hEalaíona

- fógraí
- sceitsí
- ag cur scéil ar chlár
- scríptscríbhneoireacht
- fearas a dhéanamh
- ag déanamh ceoil ón am a chuaigh thart
- ag cruthú, ag seinm agus ag taifeadadh ceoil

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Téic 1, Agus Aicsean

Cuspóirí Foghlama Molta

- Bheith ar an eolas gur féidir sceitsí a úsáid le smaointe a léirshamhlú.
- Tábhacht peirspictíochta agus scála a thuiscint.
- Bheith ábalta clár an scéil a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí Molta

Úsáid áiseanna traidisiúnta agus digiteacha le taighde a dhéanamh ar imeacht ón nuacht. Cinn ar cad iad na gnéithe dearfacha a bheadh ag daoine éagsúla sa chás seo.

Smaoinigh ar cé acu pointí a bheadh tábhachtach dá mba rud é go raibh tú ag iarraidh an t-imeacht a fhógairt. Pléigh an sprioclucht féachana don fhógra agus an dóigh a mbeadh ar an fhógra bheith éagsúil do réimse daoine éagsúla.
I ngrúpaí, cuir smaointe le chéile le fógra simplí teilifíse a chruthú arbh fhéidir é a úsáid leis an ócáid seo a fhógairt/a chur chun cinn.
Mar ghrúpa, socraígí cén obair ar gá a chríochnú 'ar seit' agus ról gach duine. Léirshamhlaigh na smaointe trí sceitsí i ndiaidh taighde a dhéanamh ar chulaith, feisteas stáitse agus ceol.

Scríobh script do na daoine atá páirteach san fhógra. Roinn an script ina míreanna beaga le haghaidh scéal a chur ar chlár agus bíodh nótaí ar an scéal ar chlár le carachtair, gníomhartha agus seicheamh eachtraí a eagrú. Cuir an script leis agus déan cur síos ar an chineál seat (mar shampla, seat teann nó seat fada le hatmaisféar a bhunú) ar an scéal ar chlár.

Téic 2, (Feisteas Stáitse) Agus Aicsean

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar shaothar ealaíontóirí clúiteacha.
- Bheith ar an eolas gur féidir saothar daoine eile cur le do smaointeoireacht féin.
- Bheith ábalta meáin oiriúnacha a roghnú le haghaidh taisc.
- Bheith ábalta meáin 2- agus 3-thoiseacha a úsáid.
- Fios a bheith agat an dóigh le dathanna a mheascadh agus a mheaitseáil.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan tagairt siar don scéal ar chlár don fhógra agus pléigh le do ghrúpa cén feisteas stáitse nó áit ba chóir a úsáid.

Mar ghrúpa cinn ar shuíomh don fhógra agus déan sceitse den radharc ag cur nótaí leis chun na cineálacha ábhar, dathanna agus réada atá le húsáid a shoiléiriú.

Ag úsáid na sceitsí agus an scéal ar chlár mar thagairt, bailigh na hábhair leis an chúlra agus na feistis atá de dhíth don fhógra a dhéanamh. Déan cúlra mór agus úsáid páipéar fríosa agus péinte agus measc agus meaisteáil dathanna cuí don radharc. Cuir mionpháirteanna amhail daoine, foirgnimh, frithchaitheamh, ainmhithe agus éin isteach ag úsáid scuaba beaga (tabhair aire don scála). Úsáid réimse meán 2- agus 3-thoiseach le fearais a dhéanamh.

Tar le chéile mar rang le hobair gach duine a phlé agus mionathraigh an obair más gá.

Cuir críoch leis trí fhíscheamara digiteach a úsáid leis an fhógra a thaifeadadh, ag tabhairt aire ar chomhdhéanamh, amhail, trian spéire, dhá thrian uisce/talaimh.

Téic 3, (Ceol) Agus Aicsean

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar an dóigh le ceol a úsáid le héifeacht agus le hatmaisféar a chruthú.
- Bheith ábalta ceol cuí a phleanáil, a sheinm agus a thaifeadadh.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh cuspóir an cheoil sna scannáin.

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus digiteacha, déan taighde ar cheol a bhaineann le ré áirithe sa stair. Pléigh an ceol a fhaightear agus cá huair ab fhéidir gur úsáideadh é agus cá háit, mar shampla, ceol an pharlúis agus an halla cheoil, ceol a bhaineann le haicmí éagsúla daoine ón ré sin, nó a bhaineann le cúlra traidisiúnta na ndaoine sin. Déan machnamh ar an atmaisféar agus ar an mhothú a chruthaíonn gach píosa agus cinn an bhfuil sé oiriúnach don fhógra áirithe seo. Cuir an t-eolas seo i bhfeidhm agus tú ag cinneadh cá háit is fearr ceol a úsáid san fhógra. (Cuir nótaí leis an scéal ar chlár).

Machnaigh ar cheisteanna amhail tomhas ama, fad agus úsáid píosaí éagsúla ceoil. Taifead agus cuir isteach an ceol atá de dhíth don fhógra ar an amlíne agus athsheinn le ham, airde agus luas a sheiceáil. Cuir guthú agus maisíochtaí fuaime leis nuair is cuí.

Déan measúnú ar an fhógra chríochnaithe agus pléigh an dóigh ar cumadh an ceol.



fócas

Amharcann Sa Nuacht ar an tionchar atá ag na meáin ar ár saol sa lá atá inniu ann. Tugtar deiseanna do na páistí domhan na teicneolaíochta atá ag athrú go gasta a phlé.

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- clár fógraí ëSa Nuachtí
- ailt nuachtáin
- nuacht sna meáin
- nuachtán scoile
- nuacht ar scoil

Na hEalaíona

An Domhan Thart Orainn

Corpoideachas

Cad é atá sa Nuacht?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Tuiscint ar cheisteanna reatha a léiriú.
- Tuairimí pearsanta agus grúpa a chur in iúl ar cheisteanna topaiciúla, áitiúla nó náisiúnta.
- Alt gairid nuachtáin a scríobh faoi cheist thopaiciúil.
- Na dóigheanna a gcuireann codanna éagsúla de na meáin eolas inár láthair agus measúnú a dhéanamh orthu.

Gníomhaíochtaí Molta

Mar rang, déantar ransú smaointe ar na dóigheanna éagsúla a gcuirtear an nuacht in iúl.

I ngrúpaí, amharc ar nuachtáin éagsúla. Déan cinnte de go bhfuil meascán de nuachtáin ann, tablóideach agus mórbhileogach, náisiúnta agus áitiúil. Roghnaigh ceist nó scéal spéisiúil. Cuardaigh na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir na dóigheanna a gcuireann na nuachtáin an scéal in iúl agus déan idirdhealú idir fíric agus tuairim sna tuairiscí. Cuir suas clár fógraí Sa Nuacht agus bailigh agus taispeáin ceannlínte agus ailt a léiríonn tuairimí éagsúla. Roinn agus pléigh na torthaí le grúpaí eile.

Pléigh cad é is nuacht ann agus cad é is ciall le claontacht. Pléigh an frása is maith scéal gan aon drochscéal. Cuir na scéalta ceannlínte sna nuachtáin éagsúla i gcomparáid lena chéile agus pléigh iad:

- Cad iad príomhscéalta nuachta an lae?
- An bhfuil comhaontú ann faoi cad iad na príomhscéalta?
- An bhfuil fianaise ann go bhfuil claontacht sa tuairisciú?
- An bhfuil sé mícheart claontacht a bheith i mír nuachta? Cad chuige?

Amharc ar nuachtchlár teilifíse do pháistí ón lá céanna is a bhí na hailt nuachtáin ann. An ionann na príomhscéalta agus na cinn sna nuachtáin? Murab ionann, cad chuige? Cuir tuairiscí ceisteanna reatha, mar shampla, an dóigh a bpléitear le daoine mór le rá popcheoil nó spóirt, i gcomparáid lena chéile.

I ngrúpaí, úsáid TFC le cur le nuachtán ranga. Scríobh ailt ar ábhair ar suim le gach grúpa iad. Roinn do chuid oibre le ranganna eile.

Bheith sa Nuacht

Cuspóirí Molta Foghlama

- A thuiscint go mbaineann freagrachtaí le foilsiú eolais.
- Tuairimí pearsanta agus grúpa a chur in iúl.
- Bheith eolach faoi ról tábhachtach na meán maidir le heolas a chur i láthair daoine.

Gníomhaíochta Molta

Pléigh na rudaí atá sa nuacht ar scoil. Ullmhaigh ailt agus cuir nuacht na scoile ar shuíomh gréasáin na scoile nó i nuachtán scoile. Smaoinigh ar na dóigheanna éagsúla ar féidir nuacht agus eolas a eagrú, mar shampla, trí dháta, eachtra, topaic agus/nó rang. Iarr ailt ó phobal iomlán na scoile agus cuir leathanaigh ar leataobh do ghrúpaí áirithe. Mar rang, aontaítear ar an dóigh a ndéanfar cinntí eagarthóireachta agus an t-eolas a fhoilseofar (trí bhord eagarthóireachta a thoghadh, b'fhéidir).



fócas

Amharcann Sa Nuacht ar an tionchar atá ag na meáin ar ár saol sa lá atá inniu ann. Tugtar deiseanna do na páistí domhan na teicneolaíochta atá ag athrú go gasta a phlé.

An Domhan Thart Orainn

- áit
- ag athrú thar am

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

Corpoideachas

Cad é a Deir an Nuacht Fúmsa?

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith ábalta eolas ó fhoinsí éagsúla a thaifeadadh, a chur i láthair daoine agus a phlé.
- Bheith eolach ar an dóigh le conclúidí a bhaint as torthaí agus le comparáidí a dhéanamh.
- Bheith eolach ar nithe ar spéis le turasóirí iad, gnéithe tírdhreacha san áireamh, inár gceantar féin.

Gníomhaíochtaí Molta

Déan liosta de chineálacha éagsúla tuairisciú scéalta, mar shampla, teilifís, raidió, irisí, nuachtáin agus grianghrafadóireacht. Pléigh na dóigheanna éagsúla ina léirítear Tuaisceart Éireann sa nuacht. Cuir ríomhphost chuig daltaí i scoil eile san Eoraip agus faigh amach faoina gcuid tuairimí ar Thuaisceart Éireann. Faigh amach cad é is bunús leis na tuairimí sin.

Déan taighde ar bhróisiúir turasóireachta agus fógraí nuachtáin a chuireann turasóireacht áitiúil chun cinn. Gabh i dteagmháil le Bord Turasóireachta Thuaisceart Éireann agus le Bord Fáilte lena fháil amach cad iad na fachtóirí a mbíonn tionchar dearfach agus diúltach acu ar thurasóireacht i dTuasceart Éireann.

I ngrúpaí, cum sé phointe faoin cheantar áitiúil ar mhaith leat daoine a chur ar an eolas fúthu, cuir san áireamh, mar shampla, an tírdhreach, daoine clúiteacha as an cheantar nó sainchomharthaí tíre. Úsáid bogearraí TFC amhail Slideshow le cur i láthair le ceantar áitiúil a chur chun cinn a dhearadh agus a chruthú. Le críochnú, seol do chur i láthair sa ríomhphost chuig scoil chomhpháirtíochta.

Gaotha an Athraithe

Cuspóirí Foghlama Molta

- Bheith ábalta foinsí eolais a úsáid le fáil amach faoi ghné den am a chuaigh thart.
- Bheith ar an eolas go bhfuil cosúlachtaí agus éagsúlachtaí idir dóigheanna maireachtála ag réanna éagsúla.

Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh eachtraí móra a tharla san am a chuaigh thart, mar shampla, an Titanic ag dul go tóin poill. Úsáid spreagadh le do chuid smaointe a chur chun cinn, mar shampla, tabhair cuairt ar thaispeántas an Titanic ag Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha, amhail cartlanna digiteacha, déan taighde ar an dóigh a léirítear eachtraí. Cuir na torthaí i láthair an ranga agus roinn leo iad.

Déan liosta de mhóreachtraí ar na mallaibh. Amharc ar thuairiscí nuachta agus bailigh gearrthóga nuachtáin ar na heachtraí seo agus cuir na dóigheanna a léiríonn na meáin a leithéid d'eachtraí i gcomparáid lena chéile. Pléigh na dóigheanna a dtuairiscítear iad.

Smaoinigh faoi scéal an Titanic. Pléigh an dóigh a dtuairisceofaí é dá dtarlódh sé sa lá atá inniu ann.



fócas

Amharcann Sa Nuacht ar an tionchar atá ag na meáin ar ár saol sa lá atá inniu ann. Tugtar deiseanna do na páistí domhan na teicneolaíochta atá ag athrú go gasta a phlé.

Corpoideachas

- tionchar na meán
- réaltaí spóirt
- ag glacadh páirte in imeacht spóirt
- ag bogadh don cheol

Na hEalaíona

Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

An Domhan Thart Orainn

Bí Gníomhach/Éirigh Gníomhach

Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann imeacht spóirt a phleanáil agus páirt a ghlacadh ann.
- Bheith eolach ar an dóigh leis na meáin a úsáid le himeacht a chur chun cinn.
- Obair le daoine eile, a luach a fheiceáil i smaointe agus tuairimí.

Gníomhaíochtaí Molta

Imeacht Spóirt

Pleanáil gníomhaíocht fhisiciúil faoi leith nó imeacht spóirt faoi leith agus, más féidir, ceangail é le himeacht tráthúil áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta, mar shampla, na Cluichí Oilimpeacha nó na Cluichí Oilimpeacha Speisialta, an Corn Domhanda, Wimbledon, cluiche ceannais Uile-Éireann nó Chúige Uladh/Thuaisceart Éireann. Déan breithniú ar na rudaí a bheidh de dhíth le himeacht a phleanáil. Pléigh leis an chuid eile den rang an dóigh a dtiocfadh leat imeacht a chur chun cinn ag úsáid mheáin na scoile nó na meán áitiúil.

I ngrúpaí, comhaontaigh ar na tascanna a bheidh le cur i gcrích roimh an imeacht agus lena linn, san áireamh roghnú an imeachta, an ionaid agus an dáta, ag comhaontú ar na rialacha, ag sórtáil comórtais foirne/aonair, scóráil, riachtanais lónadóireachta, cur chun cinn an imeachta, cúrsaí slándála, bainistiú an lae srl. Bíodh duine mór le rá spóirt páirteach le cuidiú leis an chur chun cinn agus le próifíl an imeachta a ardú. Reáchtáil an imeacht spóirt, le gach duine ag obair go dlúth lena chéile lena chinntiú go reáchtáiltear gach sórt chomh réidh agus is féidir.

Lá/Seachtain Gníomhaíocht Choirp

Pleanáil lá nó seachtain gníomhaíocht choirp faoi leith le spreagadh a thabhairt don rang uile, don bhliainghrúpa nó don scoil bheith níos gníomhaí. Úsáid an lá gníomhaíocht choirp le béim a chur ar an tábhacht a bhaineann le gníomhaíocht choirp maidir le sláinte mhaith agus folláine. Smaoinigh faoi na cineálacha gníomhaíochtaí ba chóir a chur ar fáil, cuid mhaith acu nach mbacann daoine leo de ghnáth taobh istigh den ghnátham curaclaim.

Úsáid cumhacht na meán le béim a leagan ar na himeachtaí. Fógair an lá/seachtain sa nuacht scoile áitiúil, ar shuíomh na scoile agus sa nuachtán áitiúil, agus déan póstaeir le cur in airde sa phobal scoile. Cuir cuireadh ar chumainn agus ar eagraíochtaí spóirt áitiúla leis na gníomhaíochtaí spóirt a chuireann siad ar fáil a thaispeáint, nó iarr orthu ionadaí a chur ann le labhairt leis an scoil faoi na gníomhaíochtaí spóirt atá ar fáil nó le seisiún blaisí a chur ar fáil don scoil. Iarr ar réalta spóirt áitiúil labhairt leis an rang nó leis an scoil faoin saol spóirt aige/aici agus ar thábhacht gníomhaíocht choirp ina s(h)aol.

NB:
Spreag gach páiste le siúl nó rothaíocht a dhéanamh ar scoil más féidir, agus le páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht choirp le linn amanna sosa agus i ngníomhaíochtaí iarscoile. Seans go mbeidh tú féin ag iarraidh páirt a ghlacadh i dtionscnamh atá ag dul ar aghaidh cheana, mar shampla, Léim an Téad don Chroí, Siúil ar Scoilí, Damhsaigh le do Bhuille Croí nó iarr ar pháistí a n-imeacht féin a phleanáil.

Mo Laoch Spóirt

Cuspóirí Molta Foghlama

- Laoch spóirt a ainmniú.
- Cumhacht na meán a aithint.
- Bheith in ann taispeántas póstaer a dhéanamh.

Gníomhaíochtaí Molta

Mar rang, déan machnamh ar na príomhbhuanna a bhaineann le réalta spóirt, mar shampla, buanna spórtúla, eiseamláir do pháistí, obair charthanachta, ciall don fhaisean srl. Pléigh tionchar na meán ar shaol réalta spóirt, le scríobh a dhéanamh ar na gnéithe dearfacha agus diúltacha agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar ghníomhartha spóirt. Pléigh ceisteanna amhail, ar chóir réaltaí spóirt bheith ar phríomhleathanach an nuachtáin ar an chúis amháin go bhfuair siad bearradh gruaige nua nó teach nua. Cad air ba chóir do na meáin bheith ag tuairisciú? Amharc ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí sna dóigheanna a gcuirtear scéalta inár láthair.

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le taighde a dhéanamh ar eolas faoi réalta spóirt a roghnaíodh. Cinn ar na buanna a bhaineann le réalta spóirt agus déan taispeántas simplí póstaeir le haird a dhíriú ar an réalta spóirt a roghnaigh siad. Roinn do phóstaer agus smaointe leis an chuid eile den rang.

NB:
Maidir le páistí áirithe, is féidir gur duine ina ndúiche féin an réalta spóirt acu, mar shampla, réalta áitiúil sacair, haca nó peile Gaelaí, agus ag an am céanna, do dhaoine eile is féidir gur réalta náisiúnta nó idirnáisiúnta a bheidh ann, mar shampla, David Beckham nó David Healy.

Cur le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí seo taobh istigh den SFN seo tá deiseanna ann eispéiris a chur ar fáil a chuideoidh le forbairt scileanna na Cumarsáide, Úsáid Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

Cumarsáid

- Réimse leathan foinsí le heolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Labhairt ar mhaithe le cuspóirí éagsúla ag úsáid stór focal atá ag fairsingiú.
- Struchtúr agus seicheamh a chur ar chaint leis an lucht éisteachta a chur san áireamh.
- Príomhghnéithe téacsanna a shainaithint.
- Tosú a dhéanamh tátal agus a bhaint conclúidí.
- Smaointe a fhiosrú agus a fhorbairt agus freagairt do thuairimí daoine eile.
- Obair a chur i láthair agus in iúl i réimse foirmeacha éagsúla agus ar dhóigheanna éagsúla.
- Obair a eagrú agus a struchtúrú go neamhspleách.
- A gcuid oibre a sheiceáil maidir le cruinneas agus a athdhréachtú leis an chiall a fheabhsú.

Úsáid na Matamaitice

- Tomhas a dhéanamh, ag úsáid nodaireacht cheart agus scálaí a léamh le méid cuí beaichte.
- Meastacháin chéillí a dhéanamh, agus san áit ar cuí, aonaid mhéadracha a roghnú agus a úsáid.

Úsáid TFC

- Taighde, roghnú, cur in eagar agus cur i láthair eolais/áiseanna ag úsáid réimse foinsí digiteacha.
- Próiseáil áiseanna faighte nó féintáirgthe, lena n-áirítear, téacs, uimhir, fuaim, íomhánna socaire nó beo, agus iad a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, ag léiriú feasachta ar lucht éisteachta agus ar chuspóir. Smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar an scáileán, á chomhcheangal seo le híomhánna agus/nó fuaimeanna arna roghnú mar is cuí.
- Úsáid modhanna comhaimseartha digiteacha le heolas a chur in iúl, a chomhroinnt agus a mhalartú le comhpháirtithe.
- Fadhbanna a fhiosrú agus a réiteach i dtimpeallacht dhigiteach.

Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

Bainistiú Faisnéise: Fiafraí ceisteanna is doimhne agus is leithne leis an tasc a shoiléiriú, agus le spriocanna a shocrú. Ciall de lucht éisteachta agus chuspóir a bheith agat. Forbairt modhanna comhordaithe agus taifeadta eolais agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht: Aithint patrún agus caidreamh. Míniú agus cosaint modhanna, tuairimí agus conclúidí. Déanamh agus tástáil tuartha, agus ceangal cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú idir fíoras agus tuairim. Tuiscint ar níos mó ná aon dearcadh amháin. Scrúdú roghanna agus meá rudaí i leith agus in éadan. Tástáil fuascailtí agus cur chuige eile.

Bheith Cruthaitheach: Déanamh turgnamh ar dhóigh spraíúil. Tóraíocht fadhbanna agus agóid in éadan an ghnáthmhodha. Aithint deiseanna in earráidí agus i dteipeanna. Tógáil ar do smaointe agus eispéiris féin agus daoine eile, ag úsáid iomlán na gcéadfaí. Déanamh turgnamh le dearthaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla. Léiriú measa ar smaointe daoine eile.

Ag Obair le Daoine Eile: Éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Glacadh freagrachta as taisc agus róil i ngrúpaí. Oibriú i dtreo comhréitigh agus tosú a bhainistiú easaontas.

Féin-Bhainistiú: Éirí féindírithe trí obair leat féin. Obair i dtreo spriocanna pearsanta. Measúnú an mhéid atá siad a fhoghlaim agus a gcur chuige a chur i gcomparáid lena chéile. An dóigh a bhféadfadh a bhfoghlaim bheith mar an gcéanna/difriúil i gcómhthéacsanna difriúla a aithint.

Áiseanna Molta Sa Nuacht

Áiseanna Digiteacha

Suímh Ghréasáin Mholta

Foghlaim BBC Thuaisceart Éireann
www.bbc.co.uk/ni/learning

British Heart Foundation
www.bhf.org.uk

Learnthings Áis Áititheach Scríbhneoireachta
www.learnthings.co.uk

Oideachas ar na meáin
www.mediaed.org.uk

Músaeim agus Gailearaithe i dTuaisceart Éireann
www.magni.org.uk

Nuachtán ar líne do pháistí
www.childrens-express.org

Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Damhsa Gaelach – (Físeán 3)
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/

Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/

Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/

Físeán ar 'Turasóireacht in Iarthar Bhéal Feirste'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/520/gaeilge/

Físeán ar 'Oileán Thoraí'
www.bbc.co.uk/irish/articles/view/359/gaeilge/

Físeán ar 'Turas Snámha Timpeall na hÉireann'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/558/gaeilge/

Físeán ar 'La Trinidad Valencera' – long chogaidh de chuid Armada na Spáinne, a chuaigh go tóin na farraige amach ó chósta Dhún na nGall, sa bhliain 1588.
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/93/gaeilge/

Físeán ar 'Iúr Cinn Trá'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/498/gaeilge/

Físeán ar 'Logainmneacha Bhéal Feirste
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/

Físeán ar 'Caisléan Bagenal' – seanchaisleán a fuarthas ar na mallaibh nuair a druideadh bacús.
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/453/gaeilge/

(Físeán ar 'Na Cluichí Speisialta Oilimpeacha)
http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/557/gaeilge/

Físeán ar 'Sportsability' – Lá spóirt trasphobail agus trasábaltachta
http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/528/gaeilge/

Físeán ar 'Turas Snámha Timpeall na hÉireann'
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/558/gaeilge/

Físeán ar 'Coláiste Uisce' – Campa Uisce Spóirt
www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/376/gaeilge/

www.tg4.ie

Sean-leaganacha den pháipéar laethúil 'LÁ'
www.nuacht.com

Raidió Fáilte, Béal Feirste
http://www.raidiofailte.com/

Raidió na Gaeltachta
http://www.rte.ie/rnag/

Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, bhí na suímh ghréasáin mholta beo.

Áiseanna Traidisiúnta

Leabhair/Ábhair Theagaisc

Active School Resource Packs British Heart Foundation, 2001

The Computer Age Rhys Lewis (Hodder Wayland, 1991)
ISBN: 07502 0139 8

Toraíocht Taisce (An tÁisaonad 2008)
ISBN: 9780732748098

Eilifint sa Teach (An tÁisaonad 2005)
ISBN: 079013084X

Degas agus an Damhsóir Beag (An tÁisaonad 2001)
ISBN: 1 903597 09 9

Leonardo agus an Buachaill a d'eitil (An tÁisaonad 2001)
ISBN: 1 903597 16 1

Camille agus na lúsanna gréine (An tÁisaonad 2001)
ISBN: 1 903597110

Uirlísí Ceoil (An Gúm 2006)

An Píobaire is fearr in Éirinn (An Gúm 2007)

Ceol Abú Rang 2 (Carroll Education Limited 2008)
ISBN: 9781844501038

Ábhair Éisteachta/Amhairc [Téacsanna na Meán]

ëMediaí, BBC Television, Earrach 2004 san áireamh:

- Newsreader A Day in the Life of ...
- Sports Report
- Show Time

[Nótaí múinteora agus ábhar idirghníomhach do pháistí ar fáil ar shuíomh an BBC.]

Eagraíochtaí

Teagmhálacha Úsáideacha

Advertising Standards Authority
71 High Holborn
LONDON
WC1V 6QT
020 7492 2222

Áiteanna Cuartaíochta

Músaem Daonchultúir agus Iompair Uladh
153 Bóthar Bheannchair
Ard Mhic Nasca
BT18 0EU
028 9042 8428

Foilseachán de chuid CCEA © 2009

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning